


## Fear Grinn



Fear grinn is ea Sambó. Tá sé ag obair sa sorcas. Tá srón mhór air. Tá **béal greannmhar** air. Tá hata dubh ar a cheann. Tá **carbhat** ar a **mhuineál**. Tá **seanléine** air. Tá cóta bán air. Tá briste **leathan** air. Tá bróga móra dubha ar a chosa. Tá stoca ar an **gcois chlé** ach níl aon stoca ar an **gcois dheas**. Tá **ciarsúr** mór istigh i bpóca aige. Tá na páistí ag **gáire faoi**.

### Foclóir:

<b>fear grinn</b> , clown	<b>leathan</b> , wide
<b>greannmhar</b> , funny	<b>ciarsúr</b> , handkerchief
<b>carbhat</b> , tie	

### A. Líon isteach na bearnaí:

fear g—inn, sor—as, ca—bhat, sean—éine, ciar—úr,  
leat—an, ar a cho—a.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. Tá sé ag o— sa sorcas.
2. Tá hata dubh ar a c—.
3. Tá b— leathan air.
4. Tá bróga móra d— ar a chosa.
5. Tá na páistí ag g— faoi.

### C. Déan abairtí díobh seo:

1. Sambó, fear grinn, is ea.
2. air, tá, srón mhór.
3. air, tá, seanléine.
4. ciarsúr mór, tá, aige, istigh i bpóca.

### D. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá bhfuil Sambó ag obair?  
—sa bhaile.  
—sa sorcas.  
—ar scoil.
2. Cad atá ar a cheann?  
—mála mór.  
—ciarsúr.  
—hata dubh.
3. Cá bhfuil an stoca aige?  
—ar an gcois chlé.  
—ar a cheann.  
—ar an gcois dheas.

### Gramadach 4

- (i) **Foghlaim:** agam  
agat  
aige  
aici

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Tusa Tomás. Tá ciarsúr **agam**.

1. Seo é Sambó. Tá ciarsúr —.
2. Seo í Máire. Tá ciarsúr —.
3. Is mise Liam. Tá ciarsúr —.

- (ii) **Foghlaim:** orm  
ort  
air  
uirthi

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Tá sé ag dul ar scoil. Tá cóta bán **air**.

1. Tá Seán ag dul ar scoil. Tá cóta bán —.
2. Tá mé ag dul ar scoil. Tá cóta bán —.
3. Tá Íde ag dul ar scoil. Tá cóta bán —.
4. Tá tú ag dul ar scoil. Tá cóta bán —.